II

*(Gníomhartha neamhreachtacha)*

# RIALACHÁIN

## RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME (AE) 2022/2073 ÓN gCOMHAIRLE

**an 27 Deireadh Fómhair 2022**

**lena gcuirtear chun feidhme Rialachán (AE) Uimh. 101/2011 a bhaineann le bearta sriantacha atá dírithe i gcoinne daoine, eintitis agus comhlachtaí áirithe i bhfianaise na staide sa Túinéis**

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) Uimh. 101/2011 ón gComhairle an 4 Feabhra 2011 a bhaineann le bearta sriantacha atá dírithe i gcoinne daoine, eintitis agus comhlachtaí áirithe i bhfianaise na staide sa Túinéis ([1]), agus go háirithe Airteagal 12 de,

Ag féachaint don togra ó Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) An 4 Feabhra 2011, ghlac an Chomhairle Rialachán (AE) Uimh. 101/2011.

(2) Ar bhonn athbhreithniú a rinne an Chomhairle, ba cheart na hiontrálacha a bhaineann le seachtar a scriosadh mar aon leis an bhfaisnéis a bhaineann lena gcearta chun cosanta agus lena gcearta chun cosaint bhreithiúnach éifeachtach a fháil.

(3) Ba cheart, dá bhrí sin, Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 101/2011 a leasú dá réir sin,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Leasaítear Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 101/2011 mar a leagtar amach san Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán seo.

*Airteagal 2*

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

([1]) IO L 31, 5.2.2011, lch. 1.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 27 Deireadh Fómhair 2022.

*Thar ceann na Comhairle*

*An tUachtarán*

M. BEK

*IARSCRÍBHINN*

I rinn A agus B den Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 101/2011 scriostar na hiontrálacha do na daoine seo a leanas:

“4. Mohamed Ben Moncef Ben Mohamed TRABELSI”;

“36. Kaïs Ben Slaheddine Ben Haj Hamda BEN ALI”;

“37. Hamda Ben Slaheddine Ben Haj Hamda BEN ALI”;

“38. Najmeddine Ben Slaheddine Ben Haj Hamda BEN ALI”;

“39. Najet Bent Slaheddine Ben Haj Hamda BEN ALI”;

“43. Imed Ben Habib Ben Bouali LTAIEF”;

“44. Naoufel Ben Habib Ben Bouali LTAIEF”.